
# AN MÚINTEOIR NUA

Séideán Sí



Áine Ní Ghlinn

Peter Donnelly a mhaisigh

# AN MÚINTEOIR NUA



Áine Ní Ghlinn
Peter Donnelly a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2007

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2007

Athchló 2009, 2011

ISBN 978-1-85791-688-1

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*ansiopaleabhar@eircom.net*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Clár


| | |
|---|---|
| Caibidil 1 | 5 |
| Caibidil 2 | 12 |
| Caibidil 3 | 18 |
| Caibidil 4 | 24 |
| Caibidil 5 | 30 |
| Caibidil 6 | 34 |

# Caibidil 1

'Rang a Ceathair? Ná habair liom gurb iad Rang a Ceathair atá agam i mbliana!'

Phléasc an Máistir Ó Riain amach ag caoineadh. Síos leis ar a dhá ghlúin.

'Ó! Más é do thoil é,' ar seisean. 'Tabhair rang ar bith eile dom seachas Rang a Ceathair!'

'Faraor caithfidh mé iad a thabhairt duit,' arsa an príomhoide. 'Níl an dara rogha agam!'

'Ach tá na páistí sa rang sin fiáin! Tá siad dána! Tá siad imithe ó smacht ar fad!' arsa an Máistir Ó Riain.


‘Tá a fhios agam é sin,’ arsa an príomhoide. ‘Tá siad an-chrosta ar fad! Is iad na páistí is fiáine iad dá raibh riamh againn sa scoil seo.’

‘Ach,’ arsa an Máistir Ó Riain arís, ‘ní theastaíonn uaim Rang a Ceathair a mhúineadh i mbliana. Iarr ar mhúinteoir éigin eile é a dhéanamh.’

‘Tá mé tar éis labhairt le gach múinteoir eile cheana féin,’ arsa an príomhoide. ‘Ach níl aon duine acu sásta an rang sin a mhúineadh.’

‘Agus níl mise sásta iad a mhúineadh ach an oiread,’ arsa an Máistir Ó Riain. ‘Cén fáth nach bhfuil aon rogha agamsa?’








'Crannchur a bhí ann,' arsa an príomhoide. 'Chuir mé ainm gach múinteora isteach i hata. Dhún mé mo shúile agus tharraing mé ainm amháin amach as. Is é d'ainmse a tháinig amach.'

Phléasc an Máistir Ó Riain amach ag caoineadh arís. Shín an príomhoide ciarsúr chuige.

'Triomaigh do shúile anois mar a dhéanfadh fear maith. Agus síos leat go dtí do rang,' ar seisean.



Nuair a shiúil an Máistir Ó Riain isteach sa rang bhí Siobhán agus Aifric ag rince ar bhord an mhúinteora. Rince áiféiseach a bhí ann. Iad ag béicíl agus ag bualadh in aghaidh a chéile.

'Suígí síos,' arsa an máistir.

Níor thug siad aon toradh air.



Bhí Seán, Niamh agus Liam ag imirt peile thíos i mbun an tseomra.

'Éirígí as!' arsa an máistir leo siúd.

Ach níor éirigh siad as. Níor thug siad aon toradh air. Choinnigh siad orthu ag léim agus ag ciceáil agus ag screadach.



Bhí Nóra, Aoife agus Síle ag luascadh as na dallóga. Bhí cúpla duine ag canadh. Bhí daoine eile ag béicíl. Bhí beirt ag troid i lár an urláir. Bhí Dónall agus Eoghan ag ithe lóin agus iad ag caitheamh píosaí aráin le páistí eile. Bhí duine nó dhó á gcaitheamh ar ais leo.

'Bígí ciúin,' arsa an Máistir Ó Riain.

Níor chuala aon duine é nó má chuala níor thug siad aon toradh air.

'Bígí ciúin!' arsa an máistir arís de bhéic. 'Bígí ciúin, más é bhur dtoil é!'

# Caibidil 2



'Caithfidh tú an fód a sheasamh,' arsa a bhean chéile leis an oíche sin. 'Caithfidh tú a thaispeáint dóibh cé atá i gceannas.'

'Sin í an deacracht atá agam,' arsa an máistir. 'Tá a fhios agam go maith cé atá i gceannas. Na páistí! Agus tá a fhios acusan chomh maith.'



Maidin lá arna mhárach chuir an máistir air a chlogad. Rug sé ar a chamán agus amach an doras leis. Nuair a shroich sé an scoil stop sé ar feadh nóiméid.

'Caithfidh mé an fód a sheasamh,' a dúirt sé leis féin. 'Caithfidh mé a thaispeáint do na bithiúnaigh bheaga seo cé atá i gceannas.'

Síos leis go dtí seomra Rang a Ceathair. D'oscail sé an doras. Bhí sé ina chath idir na buachaillí agus na cailíní. Cístí beaga agus ceapairí á gcaitheamh acu lena chéile.

Bhuail an Máistir Ó Riain a chamán ar an mbord. Stop na páistí nuair a chuala siad an torann.

'Éirígí as!' arsa an máistir de bhéic. 'Éirígí as a deirim!'

D'fhéach na páistí ar an máistir. Bhí an rang ar fad ciúin, iad go léir ag féachaint ar chailín beag darbh ainm Niamh.

'A haon,' arsa Niamh. 'A haon, a dó, a trí! A … nois!'

Leis sin caitheadh ceapairí, boiscíní bainne agus cístí beaga de gach sórt san aer. D'éirigh leis an máistir cúpla ceann acu a stopadh lena chamán. Ach bhuail cúpla ceann eile sa chloigeann é. Phléasc boiscín amháin bainne ar a sheaicéad. Taobh istigh de dhá nóiméad bhí an fear bocht clúdaithe le huachtar, le bainne agus le seacláid.




Bhailigh an máistir suas a chuid leabhar. Chaith sé isteach ina mhála iad. Rith sé amach an doras. Suas leis go dtí oifig an phríomhoide.

'Táimse ag imeacht anois díreach,' ar seisean. 'Ní múinteoir a bheadh uait don rang sin ach saighdiúir!'

Leis sin chas sé ar a shála agus bhailigh sé leis. Agus é ag an doras chas sé timpeall agus labhair sé arís.

'Is ea, saighdiúir a bheadh uait. Saighdiúir mór groí a mbeadh gunna aige!'




Oifig

# Caibidil 3

Tharraing an príomhoide píosa páipéir chuige féin.

'Caithfidh mé fógra a chur sa pháipéar,' ar seisean agus thosaigh sé ag scríobh.

| |
|---|
| Múinteoir de dhíth ar rang álainn ciúin séimh i Scoil Mhuire. |

D'fhéach sé ar a raibh scríofa aige. Ansin rinne sé liathróidín bheag den pháipéar agus chaith sé isteach sa bhosca bruscair é. Tar éis tamaill tharraing sé píosa eile páipéir chuige féin.

Múinteoir de dhíth ar rang dúshlánach

Stop sé. Ní chuirfeadh aon duine isteach ar an bpost sin! Tar éis tamaill tharraing sé píosa eile páipéir chuige féin. Thosaigh sé ag scríobh arís.

Múinteoir de dhíth ar Rang a Ceathair i Scoil Mhuire.

Chuir an príomhoide an fógra sin sa pháipéar. Triúr a chuir isteach ar an bpost. An príomhoide agus beirt eile a chuir an triúr faoi agallamh.

Tháinig an chéad duine acu isteach an doras. Síle Ní Fhathaigh a bhí uirthi. Bean óg a bhí inti agus í beag tanaí. Bhí an chuma uirthi go raibh sí an-chiúin agus cúthail.

'Cá raibh tú ag múineadh roimhe seo?' arsa an príomhoide léi.

'Is é seo mo chéad phost,' ar sise. 'Níl mé ach tar éis críochnú sa choláiste.'

'Go raibh maith agat as ucht teacht,' arsa an príomhoide léi. 'Cuirfidh mé glaoch ort sula i bhfad.'

'Slán libh,' arsa Síle Ní Fhathaigh.

'Ní sheasfadh sí siúd fiú cúig nóiméad i Rang a Ceathair,' arsa an príomhoide leis an mbeirt bhan nuair a bhí Síle imithe amach an doras.

'Tá an ceart agat,' arsa bean acu. 'Dhéanfaidís óinseach cheart di.'



Tháinig an dara duine isteach. Úna Bean Uí Chatháin a bhí uirthi. Bean ard a bhí inti a raibh go leor taithí múinteoireachta aici. Chuir an príomhoide agus an bheirt bhan cuid mhaith ceisteanna uirthi.



'B'fhéidir,' arsa an príomhoide leis an mbeirt bhan nuair a bhí Úna imithe amach an doras. 'B'fhéidir go ndéanfadh sí siúd an gnó.'

'B'fhéidir go ndéanfadh,' arsa an bheirt bhan.

Tháinig an tríú duine isteach. Eoghan Mac Donnchadha a bhí air. Fear mór láidir a bhí ann agus é sé troithe ar airde. Bhí guaillí móra leathana air agus lámha móra millteanacha.

Níor chuir an príomhoide ach an t-aon cheist amháin air: 'An bhféadfá tosú amárach?'



# Caibidil 4

Maidin lá arna mhárach shiúil an Máistir Mac Donnchadha isteach i seomra Rang a Ceathair. Bhí sé ina chíréib sa seomra céanna.

'Suígí síos,' ar seisean de bhéic.

D'fhéach na páistí ar fad ar a chéile. Chaoch cúpla duine acu súil ar a chéile. Ansin shuigh siad síos go ciúin. Bhí an príomhoide ag éisteacht taobh amuigh den doras.

'Tá sé ag déanamh go maith,' ar seisean leis féin go sásta. 'Déanfaidh an fear seo an gnó.'

Ar ais leis go dtí an oifig.

'Matamaitic!' arsa an Máistir Mac Donnchadha leis an rang de bhéic.

‘Tógaigí amach na leabhair mhatamaitice.’

Thóg gach duine amach a leabhar matamaitice.

‘Cóipleabhair anois,’ arsa an máistir. ‘Tógaigí amach na cóipleabhair. Agus na pinn luaidhe chomh maith.’

Bhí an rang ar fad ciúin, iad go léir ag féachaint ar bhuachaill beag darbh ainm Rónán. Thosaigh Rónán ag comhaireamh.

‘A haon,’ arsa Rónan. ‘A haon, a dó, a trí! A … nois!’





Leis sin caitheadh leabhair san aer. Caitheadh cóipleabhair san aer. Caitheadh pinn de gach sórt san aer. Ach ní raibh aon chlogad ar an Máistir Mac Donnchadha bocht. Buaileadh sa chloigeann é. Buaileadh san éadan é. Buaileadh ar na guaillí, sa mhuineál agus ar na cosa é. Ní raibh áit nár buaileadh é.



Bhí beirt pháistí sa rang a bhí freagrach as na cóipleabhair agus na leabhair a bhailiú ionas nach mbeadh na páistí eile gann ar armlón! Bhí an bheirt acu seo ag cosa an mháistir mar a bheadh dhá mhadra bheaga ann. Leabhair agus pinn agus cóipleabhair á mbailiú acu agus iad ag rith síos suas ag tabhairt an armlóin ar ais do na páistí eile.

Lean an t-ionsaí fíochmhar ar aghaidh. Ar deireadh thiar thall d'éalaigh an Máistir Mac Donnchadha leis isteach faoin mbord. Thíos san oifig bhí an príomhoide ag éisteacht leis an ngleo.

'Níl an Máistir Mac Donnchadha ag déanamh chomh maith agus a cheap mé,' ar seisean.

Síos leis go dtí seomra Rang a Ceathair. Sheas sé ag an doras. Chuala sé an chíréib agus an clampar. Chuala sé an bhéicíl agus an scréachach. Chuala sé an raic agus an ruaille buaille. D'oscail sé an doras. Chonaic sé na leabhair agus na cóipleabhair ag gabháil tríd an aer.



‘Cá bhfuil an máistir nua?’ ar seisean.

Níor chuala aon duine é nó má chuala níor thug siad aon toradh air. Dhún sé an doras arís go ciúin.

‘Tar i gcabhair orm,’ arsa an Máistir Mac Donnchadha. ‘Tar i gcabhair orm!’

Ach bhí an príomhoide bailithe leis. Nuair a tháinig am lóin d’imigh na páistí amach sa chlós. Bhí an seomra deas ciúin. Amach leis an Máistir Mac Donnchadha ón áit a raibh sé i bhfolach. Rug sé ar a chóta. Rug sé ar a mhála.

D’éalaigh sé leis amach as an seomra ranga … agus amach doras na scoile …

# Caibidil 5

Maidin lá arna mhárach chuir an príomhoide glaoch ar Bhean Uí Chatháin.

'An post sa scoil seo againne. An bhfuil spéis agat ann i gcónaí?' ar seisean léi.

Dhá lá a chaith sí siúd le Rang a Ceathair.

'Tá na leanaí sin chomh fiáin le pocáin ghabhair. Ní fhaca mé a leithéid riamh i mo shaol,' ar sise agus í ag rith amach an doras. 'Agus is iomaí scoil a raibh mé inti.'

'Ná himigh,' arsa an príomhoide léi. 'Beannacht Dé leat is ná himigh!'

Ní raibh de rogha ag an bpríomhoide

anois ach glaoch ar Shíle Ní Fhathaigh. Ach dhéanfadh na páistí i Rang a Ceathair óinseach cheart de Shíle. Bheadh sí róbheag. Bheadh sí róthanaí. Bheadh sí róchiúin. Bheadh sí róchúthail. Ró-óg. Ró- ...

Ach, mar sin féin, ní raibh an dara rogha aige. Chaithfeadh sé múinteoir a fháil do Rang a Ceathair.

'Níl an dara rogha agam,' ar seisean leis féin. 'Ach an babhta seo beidh mé fírinneach macánta léi ó thús. Caithfidh mé an scéal ar fad a mhíniú di roimh ré.'



'Maith go leor,' arsa Síle Ní Fhathaigh nuair a d'inis an príomhoide di faoi Rang a Ceathair. 'Déanfaidh mé mo sheacht míle dícheall. Feicfidh mé ar maidin thú, le cúnamh Dé.'



Shuigh Síle Ní Fhathaigh síos agus thosaigh sí ag cuimhneamh uirthi féin.

'Conas is féidir liom smacht a chur orthu?' ar sise. 'Caithfidh mé cuimhneamh ar phlean éigin. Tá an post seo ag teastáil go dóite uaim.'

Bhí sí fós ina suí ansin ag cuimhneamh uirthi féin nuair a tháinig a deartháir isteach sa seomra suite. D'inis sí an scéal ar fad dó.

'Tá an post seo ag teastáil go dóite uaim,' ar sise leis, 'ach ón méid atá ráite ag an bpríomhoide liom is léir go bhfuil na páistí seo chomh fiáin le pocáin ghabhair. Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil smacht dá laghad orthu.'

'Ná cuireadh sé sin isteach ná amach ort,' arsa a deartháir. 'Tá plean agamsa duit …'

# Caibidil 6

Maidin lá arna mhárach shiúil Iníon Uí Fhathaigh isteach in oifig an phríomhoide. Bhí culaith bhán agus crios dubh uirthi agus í gan bróg gan stoca. D'amharc an príomhoide uirthi. D'amharc sé uirthi den dara babhta.

'Níor inis tú dúinn ag an agallamh gur saineolaí *karate* thú!' ar seisean.

'Ná bac leis sin anois ach tar in éineacht liomsa,' arsa Iníon Uí Fhathaigh leis an bpríomhoide. 'Rachaidh an bheirt againn síos go dtí seomra Rang a Ceathair in éineacht le chéile.'




‘Mise?’ arsa an príomhoide. ‘Ní théimse níos faide ná doras an tseomra sin. Níl sé sábháilte. Tá na leanaí sin i bhfad i bhfad rófhiáin.’

‘Ná cuireadh sé sin isteach ná amach ort,’ arsa Iníon Uí Fhathaigh. ‘Tá plean breá agamsa. Cogar i leith chugam ...’

Cúig nóiméad ina dhiaidh sin d'oscail Iníon Uí Fhathaigh doras sheomra Rang a Ceathair. D'fhan an príomhoide taobh amuigh den doras. Bhí cluiche camógaíochta ar siúl ag cuid de na cailíní. Bhí cuid eile acu ag rince ar na boird. Bhí beirt bhuachaillí ag cur péint dhearg ar an gclár bán agus triúr eile ag imirt peile taobh thiar den doras. Rug Iníon Uí Fhathaigh greim cluaise ar an bpríomhoide agus tharraing sí isteach an doras é.

'Haigh Áá!' ar sise agus chaith sí ar an urlár é.

Stop an cluiche peile ar an bpointe boise. Stop an phéinteáil.





‘An bhfaca sibh é sin!’ arsa cailín amháin.

‘Haigh Áá!’ arsa Iníon Uí Fhathaigh arís.

Stop an rince ar an bpointe boise. Stop an cluiche camógaíochta. D’ardaigh Iníon Uí Fhathaigh a cos agus tharraing sí cic ar an bpríomhoide. Lig seisean béic as.

‘Lig dom,’ ar seisean. ‘Lig dom, más é do thoil é!’

‘Éirigh i do sheasamh,’ arsa Iníon Uí Fhathaigh leis. ‘Éirigh i do sheasamh anois díreach!’


D’éirigh an príomhoide ina sheasamh. Bhí an fear bocht ag crith.

Faoin am seo bhí lán na súl á bhaint ag na páistí as an múinteoir nua. Bhí siad ag baint an-sásamh go deo as an seó.

'As ucht Dé ort! Ná buail arís mé!' arsa an príomhoide. 'Ná buail arís mé!'

Thosaigh na páistí ag gáire.

'Ná buail arís mé!' arsa Rónán agus é ag déanamh aithrise ar ghuth an phríomhoide.



‘Taispeánfaidh mise duitse cé atá i gceannas anseo,’ arsa Iníon Uí Fhathaigh. D’ardaigh sí a lámh.

‘Haigh Áá!’

Tharraing sí buille sa mhuineál ar an bpríomhoide. Thit sé ina chnap ar an urlár arís.



‘Éirigh i do sheasamh,’ ar sise leis arís.

An uair seo bhuail sí sa tsrón é.

‘Haigh Áá!’




Ansin bhuail sí sa droim é.
'Haigh Áá!'



Ansin tharraing sí cic eile air.
'Anois,' ar sise leis. 'Éirigh i do sheasamh.'
D'éirigh an príomhoide ina sheasamh.
'Bailigh leat amach as mo sheomra!' arsa Iníon Uí Fhathaigh. 'Bailigh leat amach as mo radharc!'
Rith an príomhoide amach an doras.

Bhreathnaigh Iníon Uí Fhathaigh thart. Shiúil sí síos suas. Bhreathnaigh sí go fiáin fíochmhar idir an dá shúil ar gach páiste sa rang. Ní raibh gíog ná míog as aon duine. Ansin labhair sí.

'Anois, a pháistí,' ar sise go ciúin, 'éistigí leis an dlúthdhiosca ...'







‘Cá bhfoghlaimeodh duine *karate*?’ a d’fhiafraigh Bean Uí Chuinn d’Iníon Uí Fhathaigh agus iad ag siúl amach an geata tar éis scoile an tráthnóna sin.

‘Níl tuairim faoin spéir agamsa,’ arsa Iníon Uí Fhathaigh. ‘Níl a fhios agam aon ní beo faoi *karate*. Ní liom an chulaith ná an crios fiú! Is amhlaidh a fuair mé ar iasacht ó mo dheartháir iad! Cén tslí eile a sheasfainn an fód in aghaidh Rang a Ceathair!’

‘Rang a Ceathair? Ná habair liom gurb iad Rang a Ceathair atá agam i mbliana!’ Phléasc an Máistir Ó Riain amach ag caoineadh.

ISBN 978-1-85791-688-1

An Gúm